

AN CHÉAD ASAL

Níl an t-asal abhfad sa tír seo. An chéad asal a chonnaic mé ariamh is ag Páidín an Chounter a bhí sé. Ceannaidhe mála a bhí ann, ag imtheacht ar fud na tire, timcheall trí sgór bliain ó shoin. Is iongantach mar d'fhairsing siad, d'fhóghain siad do na mná. Ba mhaith an lá do na mná a dtáinig na hasail don tír. Bhíodh na mná ag tarraingt mhóna is ag tarraingt fheamaine. Bhí bean sa gcoillín a thug ocht mbád feamaine on gcladach treasna cnuic an Choillín go dtí an bóthar. Ní iomchróchadh fear ar bith cliabh, agus a' teach nach mbíodh bean ann leis an gcliabh a iomchar is amhlaidh a bhíodh bean ar pháidhc aca leis an gcliabh a iomchar. Bhí sé ro-chruaidh ar na mná. Is thall i gCondae an Chláir, i mBaile Uí Bhíocháin a chonnaic bádóirí an phobail seo an chéad asal ariamh.

Na caiple beaga a bhíodh annseo bhíodar chomh cruaidh le iarann agus chomh croidheamhail leis an ngirrfhiadh. Bhíodar cruinn ina ndéanamh agus bríoghmhar, bhíodh caiple maithe in iorrus mhór. Bhíodh coirce fairsing san am agus sé an bheatha is fearr do chaiple é.

Aindriú an chéad fhear de na Máirtíní i mbaile na hinse.

An dorus

Linndéar lintel.

Tairseach

An dá ghiall.

Comhla

Fráma

Fardoras.

Liméar a stone share for drainage.

Tóchar an tsráid amach an doras tógtha le clócha timcheall an tighe.

Maide mullaigh ridge board ? wall plate.

Cloch cheangal keystone.

Tá sí ar nós na ginge dá mhéid meadhachain a thógas uirthé is fearr atá sí fáisgeadh.

Coilín mac Confhaola 13/10/37.

Inis Leacan.

An sagart i nIorrus Aithneach 7/6 fuair sé i dteach an fhaoisdin teach athar Chóilín. Roinn sé an t-airgead ar na gasúir. "Ní bhéidh pinghin duit féin" arsa athair Chóilín.

“Beidh lán a’ phota dom sul ma theighim abhaile” ars an sagart – bhí a ghunna aige. Tháinig beirt agus phós sé iad. Rinne sé baiste an lá ceadhna sa teach. Nuair a chuaidh sé a’ foghailearacht bhí na fir ina chuididheachta.

Ní raibh peire maith bróg ag an sagart úd na éadaigh galánta.

Na fir a chuaidh isteach i gcoláiste fadó agus fhios aca an saoghal a bhí rompa ag sagartóireacht ba fir naomhtha iad.

Coilín.

Daithí Ó Ceallaigh.